Global Village

Saoránacht Dhomhanda
Sa Bhunscoil

# ‘An Lá a Tháinig an Cogadh’

## Lámhleabhar an Oide don Bhunscoil Shinsearach

Global Village: acmhainn deartha ag Ailbhe Joyce




Údar: Nicola Davies, Maisitheoir: Rebecca Cobb

DCU
into Irish National Teachers' Organisation Cumann Múinteoirí Éireann
Irish Aid An Roinn Gnóthaí Eachtracha Department of Foreign Affairs
ippn Leading and Learning
Trócaire TOGETHER FOR A JUST WORLD



**Aoisghrúpa:** Bunscoil Shinsearach (Rang 3 – Rang 6)

**Oideachas Saoránachta Domhanda (GCE) téamaí:** Imirce, Cogadh, Coinbhleacht, Uileghabhálacht

**Cuspóir:** An chomhbhá agus an tuiscint a spreagadh i dtaobh na ndaoine a bhíonn ag streachailt leo ag iarraidh éalú ón gcoinbhleacht, agus misneach a thabhairt do chách feidhmiú mar shaoránaigh dhomhanda.

**Naisc le curaclam na Bunscoile:**

| Gníomhaíocht | Creatchuraclam na Bunscoile 2023 Réimse an Churaclaim | Curaclam na Bunscoile 1999 Ábhar | Snáitheanna |
|---|---|---|---|
| 1.2, 2.1, 2.2, 2.3, 3.1, 3.2, 3.4 | Teanga | Gaeilge | Teanga Labhartha, Léamh |
| 3.5 | Oideachas Ealaíon | Ealaín | Líníocht, Tógáil, Dathú |
| 3.6 | | Drámaíocht | Drámaíocht a dhéanfaidh iniúchadh ar mhothúcháin, ar eolas agus ar smaointe, chun an tuiscint a chothú. |
| 3.3 | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (STEM) | Matamaitic | Sonraí & Seansúlacht |
| 1.1, 2.4, 3.3.2, 3.6 | Folláine | Corpoideachas | Oideachas Faoin Aer, Rince, Gleacaíocht |
| 1.1, 1.2, 1.3, 2.1, 2.2, 2.3, 3.1, 3.2, 3.6 | | Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte | Mé Féin agus Daoine Eile, Mé Féin agus an Domhan Mór |
| 3.3 | Oideachas Sóisialta agus Imshaoil | Stair | Scéalta; Ré an Athraithe agus na Coinbhleachta; An Pholaitíocht, Coinbhleacht agus an tSochaí |
| 1.3, 3.3.2 | | Tíreolaíocht | Timpeallacht Daonna |

**Nasc le Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe:** Sprioc 16: Síocháin, Cearta agus Institiúidí Láidre.
Tá eolas faoi na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe (SDGs) ag https://sdgs.un.org/goals.

---

**Fógra Séanta:** Bí feasach ar chás na bhfoghlaimeoirí i do rang, sula ndéantar gníomhaíochtaí na hacmhainne seo. Má tá foghlaimeoirí i do rang atá gan dídean nó ar cuireadh iallach orthu bogadh as baile, nó a bhfuil taithí acu ar theitheadh ón gcoinbhleacht, labhair leo nó lena dtuismitheoirí sula ndéanann tú na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur i bhfeidhm.

**Admháil:** Aithníonn Global Village go buíoch an tacaíocht a fuarthas ó Chúnamh Éireann chun gníomhaíochtaí Oideachas Saoránachta Domhanda a chur ar fáil in Éirinn. Is ar an údar/na húdair go hiomlán atá an t-ábhar, an cur chuige agus na gníomhaíochtaí atá leagtha amach san acmhainn seo agus ní gá go léiríonn siad nó go leanfaidís polasaí Chúnamh Éireann.

# Gníomhaíochtaí Molta:

## Réamhléitheoireacht:

### GNÍOMHAÍOCHT 1

**1.1** **Corpoideachas (Cluichí):** Taispeáin íomhá den chailín agus dá teaghlach (lch 1/2). Imir cluiche seas suas/suigh síos chun cosúlachtaí agus éagsúlachtaí idir na daltaí agus an cailín a léiriú (m.sh. seas suas má tá deartháir agat mar atá ag an gcailín. *Féach aguisín 1 le haghaidh ceisteanna samplacha*.)

**1.2** **Teanga (Plé):** Iarr ar na daltaí cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a n-ullmhaíonn siad don scoil gach maidin. Ceistigh iad: 'Cad a bhíonn agat don bhricfeasta? Conas a thaistealaíonn tú ar scoil?' Taispeáin íomhá an tábla bricfeasta dóibh (lch 1/2), agus cuir na ceisteanna, 'Cad is féidir leat a insint faoi shaol an chailín ón bpictiúr seo? Conas atá sé seo mar an gcéanna le/ éagsúil ó do shaol féin?'

**1.3** **Teanga (Plé):** Tabhair cuireadh do na daltaí breathnú ar íomhá an chailín ina seomra ranga (lch 3/4) nuair a labhraíonn sí faoina ndearna sí sa rang an mhaidin sin. Tabhair cuireadh do na páistí cur síos a dhéanamh ar lá scoile an chailín, ag úsáid leideanna ón bpictiúr. Iarr orthu, 'An ndearna tú aon cheann de na rudaí a dhéanann sise ar scoil? An bhfuil rudaí sa léaráid a insíonn duit cad a tharlódh sa scéal? Cén fáth gur chuir an maisitheoir bolcáin na ndaltaí feadh na fuinneoige? Conas mar atá cogadh cosúil le bolcán? Conas mar atá sé éagsúil?'

### GNÍOMHAÍOCHT 2

**2.1** **Drámaíocht (rólimirt):** Tugann an múinteoir cathaoir bhreise isteach sa seomra ranga gan aon mhíniú ach le searmanas áirithe. Cuirtear an cheist, 'Cad chuige an chathaoir seo, an dóigh libh?' ar na daltaí agus tugtar am dóibh plé a dhéanamh i mbeirteanna/grúpaí beaga. Pléitear an cheist leis an rang uile ó bhéal ina dhiaidh sin, nó scríobhtar na smaointe ar smeach-chairt.

**2.2** **Teanga (Plé):** Cuir na ceisteanna seo a leanas le dul níos doimhne sa scéal: 'Cathain a úsáidimid cathaoireacha (ar scoil/sa bhaile/eile)?' Leagtar béim ar leith ar shuímh ranga/foghlama, ócáidí teaghlaigh, cluichíocht/IT, searmanais reiligiúnacha, ceiliúradh speisialta.

**2.3** **Teanga (Plé):** Iarr orthu, 'An bhfuil cathaoir speisialta sa bhaile ag aon duine?' Tugtar cuireadh do na leanaí an cheist seo a phlé i mbeirteanna/i ngrúpaí beaga. Cuir ina luí orthu an chumhacht atá ag an gcathaoir mar ghléas le fáilte a chur roimh dhaoine, le taispeáint dóibh go bhfuil meas agus urraim orthu.

**2.4** **Corpoideachas (Cluichí):** Imir cluiche gairid cathaoireacha ceoil ag baint úsáide as seinnliosta ar théamaí GCE agus stad ag pointí oiriúnacha le plé a dhéanamh ar conas a mhothaíonn an duine a fhágtar gan chathaoir. Leag béim bhreise ar an chumhacht atá ag cathaoir ionas go mothódh daoine go mbíonn fáilte rompu, gur daoine muinteartha iad. Conas a mhothódh na daltaí mura dtabharfaí cathaoir dóibh ar scoil ar feadh an lae? Cad iad na gníomhaíochtaí nár mhaith leo go mbeadh cosc orthu páirt a ghlacadh iontu?

Léitear an Scéal Anois

# Iar-Léamh

## GNÍOMHAÍOCHT 3

**3.1 Teanga (Plé):** Cén leithscéal a bhí ag an oide gan an cailín a ligean isteach sa seomra ranga? An dóigh leat go bhféadfadh cúiseanna eile a bheith ann? Smaoinigh ar do scoil féin. An féidir le leanbh siúl isteach agus tosú ar scoil gan tuismitheoir ná caomhnóir? An raibh an múinteoir ag leanúint na rialacha go dílis? Cad a dhéanfá sa chás seo dá mbeifeá i do mhúinteoir?

**3.2 Teanga (Plé):** Cén fáth, an dóigh leat, a ndearna an buachaill cathaoir a thabhairt don chailín? Agus an cailín agus an buachaill ag siúl ar an mbóthar, cén fáth a bhfuil cathaoireacha ar feadh an bhealaigh? Conas a dhéanann siad 'an cogadh a bhrú siar le gach aon chéim'? An dóigh leat gurbh é seo an chuma atá ar an bhfáiltiú?

**3.3 Matamaitic (Sonraí):** Cabhraigh leis na daltaí dul i ngleic leis na staitisticí inimirce agus na gníomhaíochtaí réitigh fadhbanna seo a leanas. Tá leaganacha inphriontáilte de na ceisteanna agus leideanna téacs ar fáil in Aguisín 3.

**3.3.1 Fadhb le Réiteach:** An féidir graf a tharraingt de na figiúirí i 3.3.1 ? Cad é an graf is fearr le húsáid chun inimircigh ó gach náisiúntacht a léiriú? (m.sh. líneghraf, barrachairt 7rl.)

*In Éirinn, bhí líon bliantúil na n-inimirceach i mí Aibreáin 2023 ar an líon is airde ó Aibreán 2007. An leagan amach a bhí ann ná: 29,600 náisiúnach Éireannach a bhí ag filleadh, 26,100 náisiúnach eile de chuid an AE, 4,800 náisiúnach na RA, agus 81,100 náisiúnach eile lena n-áirítear saoránaigh na hÚcráine.*
*(Foinse: CSO, 2023).*

**3.3.2 Ábhar taighde:** Cad é an bealach imirce is mó a úsáidtear san Eoraip? [foinse: infomigrants.net] Cuir líon na ndaoine a d'úsáid gach bealach i 2021 i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile trí ghraif a úsáid. Is féidir bealaí imirce Eorpacha a phlé níos mine agus tú ag féachaint ar léarscáil Frontex. Cuir bhur ngraif i gcomparáid leis an ábhar a d'ullmhaigh an Chomhairle Eorpach.

Ó Eanáir 2021 go Deireadh Fómhair 2021, tháinig beagnach 55,000 imirceach go neamhrialta trí 'Bealach na Meánmhara Láir'. Ó thús na bliana 2021, tá díreach os cionn 15,000 tagtha ag baint úsáide as 'Bealach Oirthear na Meánmhara', ar náisiúnaigh as an tSiria an chuid is mó díobh. Maíonn Frontex gur tháinig c.33,000 trasna teorainn ar na bealaí seo leanas i 2021 - beagnach 16,400 ar 'Bealach na Meánmhara Thiar' (Ailgéaraigh agus Maracaigh den chuid is mó), agus níos mó ná 16,700 ar an Atlantach (daoine ón Afraic fho-Shahárach agus Maracaigh den chuid is mó). (Foinse: infomigrants.net)

**3.3.3 Fadhb le Réiteach:** Cad é céatadán an ardaithe a chonacthas ar agóidí frith-inimirce ó 2022 go 2023 de réir an Gharda Síochána? An féidir leat na háiteanna ina raibh na hagóidí seo ar siúl a chur ar mhapa? Ar tharla agóid ar bith gar do do theach féin ar chor ar bith? Cén fáth a bhféadfadh sé seo a bheith amhlaidh?

*Cuireadh tús le hagóidí i go leor áiteanna in Éirinn go luath i mí na Samhna 2022 tar éis don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Imeasctha agus Óige (DCEDIY) láithreáin a fhorbairt in áiteanna éagsúla sa tír mar thearmainn shealadacha do dhídeanaithe. Bhí na scáthláin shealadacha ag iarraidh freastal ar theacht isteach 65,000 teifeach le linn 2022 (Foinse: Ilfhoinsí).*

*Tharla léirsithe sa Phort Thoir, i mBaile Munna, i nDroimneach, agus in áiteanna eile i mBaile Átha Cliath; i Mainistir Fhear Maí agus i Mala Chontae Chorcaí; sa Chill, i gContae Chill Dara; i Lios Mór, Contae Phort Láirge; sa Mhuileann gCearr, Contae na hIarmhí; in Inse, Contae an Chláir; agus ag Cuan Ros Láir, Contae Loch Garman. Deir an Garda Síochána gur tharla 307 agóid i 2022 agus ar a laghad 169 eile ó Lúnasa 2023. Léiríodh an imní a bhí ar lucht na hagóide go raibh idirdhealú á dhéanamh maidir le roghnú na ndídeanaithe agus nár tugadh faisnéis chuí roimh ré don phobal áitiúil. (Foinse: Ilfhoinsí).*

**3.4 Teanga (scríobh):** Níl aon chogadh in Éirinn, ach seans go ndéarfadh an cailín go bhfuil tionchar an chogaidh le sonrú anseo mar sin féin. Cad é do thuairim faoi? Mura gcuirimid fáilte roimh dhídeanaithe, an bhfuilimid ag cur le drochthionchar an chogaidh? Conas is féidir linn a chinntiú go mothaíonn gach duine sábháilte sa phobal seo agus go mbíonn fáilte rompu? Iarr ar na páistí conradh ranga a chruthú lena chéile a gheallann go n-úsáidfear teanga agus gníomhartha deimhneacha a chinnteoidh go mothóidh gach duine go gcuirtear fáilte roimh chách anseo. Is féidir leis an gcomhaontú seo feidhmiú mar ábhar le roinnt ag an tionól scoile, agus d'fhéadfaí é a chur i bhfeidhm ar fud na scoile chun dlúthpháirtíocht agus cultúr fáilteach na scoile a léiriú os comhair an tsaoil.

**3.5 Ealaín (tógáil):** Tabhair ábhair athchúrsáilte do na daltaí agus bíodh go leor ama acu lena mionsamhlacha cathaoir féin a chruthú. Ba chóir na páistí a spreagadh freisin chun cur síos gairid a scríobh ar cé dó/di a dearadh an chathaoir agus ar an úsáid a bhainfí aisti. Tá físeáin mhínithe agus samplaí ar fáil anseo agus le feiceáil in Aguisín 2.

**3.5.1 Taispeántas:** Iarrtar ar na páistí a gcuid cathaoireacha féin agus a gcuid mionsamhlacha a iompar chuig halla/spás oscailte le cur ar taispeáint (laistigh nó lasmuigh). Bíodh am ag na daltaí dul thart ag breathnú ar shaothar a chéile agus éisteacht leis an réasúnaíocht deartha agus tógála.

**3.6 Drámaíocht (tobchumadóireacht) / P.E. (rince/gleacaíocht):** Roinn an rang i 3 ghrúpa éagsúla, agus léirigh dráma dhá leathanach den scéal (Grúpa 1: lth. 21-22, Grúpa 2: lth. 23-24, Grúpa 3: lth. 25-26). Is féidir an aisteoireacht seo a dhéanamh i bhfoirm íomhá reoite, rince, nó mím/dráma gairid. Is féidir na radhairc a chur le chéile ansin chun seicheamh ranga a chruthú. Nuair a chuireann an grúpa an dráma i láthair an ranga, cuir na ceisteanna seo orthu: 'Cad a tharla sa radharc seo? Conas a mhothaíonn do charachtar? Cad ba mhaith leat a tharlú ina dhiaidh sin don charachtar?'

## Cuid 3 – Acmhainn Bhreise 'An Lá a Tháinig an Cogadh'

1. Leagan Gaeilge – lorg 'An Lá a Tháinig an Cogadh' ar YouTube YouTube.
2. Íoslódáil: 3-week scheme of work faoi 'An Lá a Tháinig an Cogadh' (**NB:** beidh leasú beag le déanamh lena chur in oiriúint do churaclam na hÉireann).
3. Téigh chuig SDG bookclub website agus is féidir acmhainn a íoslódáil a chabhródh le club leabhar a bhunú sa rang nó sa scoil féin. (m.sh. clárú, meirge, leabharmharc, treoir 'Conas a dhéantar.......'). **Nóta:** Moltar an leabhar 'The Day War Came' i gcatalóg chlub leabhar SDG.
4. Fiosraigh an acmhainn scáthfhoghlama do 5 sheisiún leabhar pictiúr faoi 'The Day War Came' ó Carnegie Greenaway.
5. Tá clár foghlama do 'The Day War Came' le híoslódáil saor ag Massive Outpouring of Love (MOOL).
6. Forced to Flee: Why Should I Care About Migration and Refugees? Cuireann an acmhainn seo cleachtaí molta faoi ghéarchéim na dteifeach ar fáil le húsáid i seomraí ranga na bunscoile (Trócaire, 2017).

## Naisc don Acmhainn ar mhaithe le húsáideoirí as líne:

| Ceacht | Topaic | Nasc Iomlán |
|---|---|---|
| Leathanach Tosaigh | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGs) | https://sdgs.un.org/goals |
| 2.4 | Seinnliostaí le ceol de théama GCE | https://open.spotify.com/playlist/4Ueeh1bUlwlr0vWTYNLO9J?si=223f20cf149346e7 |
| 3.3.1 | Príomh-Oifig Staidrimh, 2023 | https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-ieu50/irelandandtheeuat50/society/migration/ |
| 3.3.2 | An bealach imirce is mó a úsáidtear san Eoraip | https://www.infomigrants.net/en/post/36391/the-main-migration-routes-to-the-european-union |
| 3.3.2 | Léarscáil Frontex de bhealaí imirce na hEorpa | https://www.frontex.europa.eu/what-we-do/monitoring-and-risk-analysis/migratory-map/ |
| 3.3.2 | Graif ón gComhairle Eorpach a léiríonn an sruth imirce chun na hEorpa | https://www.consilium.europa.eu/en/infographics/migration-flows-to-europe/ |
| 3.3.3 | Tuairim An Gharda Síochána faoi agóidí frith-inimirce ar fud na hÉireann | https://www.wikiwand.com/en/2022%E2%80%9323_Irish_anti-immigration_protests |
| 3.5 | Físeáin mhínithe agus samplaí tógála mionsamhlacha na gcathaoireacha | https://www.accessart.org.uk/take-a-seat/ |
| Cuid 3, 1 | Leabhar cainte saor de 'The Day War Came' | https://www.youtube.com/watch?v=8B6uudN6zNs |
| Cuid 3, 2 | Scéim oibre trí sheachtain bunaithe ar 'The Day War Came' | https://authorfy.com/wp-content/uploads/2019/02/The-Day-War-Came-KS2-Authorfy-Scheme-of-Work-Compressed.pdf |
| Cuid 3, 3 | Suíomh Chlub Leabhar SDG | https://www.un.org/sustainabledevelopment/sdgbookclub/ |
| Cuid 3, 4 | An acmhainn scáthfhoghlama do 5 sheisiún leabhar pictiúr faoi 'The Day War Came' | https://carnegiegreenaway.org.uk/wp-content/uploads/2020/10/The-Day-War-Came.pdf |
| Cuid 3, 5 | Clár iomlán foghlama faoi: 'The Day War Came' | https://education.mool.scot/the-day-war-came/ |
| Cuid3, 6 | Iallach ar Éalú: Cén fáth go mbacfainnse faoin imirce agus faoi na dídeanaithe? | https://www.trocaire.org/documents/forced-to-flee-why-should-i-care-about-migration-and-refugees/ |



## Gluais:

| Focal | Míniú |
|---|---|
| Imirce | Daoine ag druidim ó áit áirithe le cur fúthu in áit éagsúil. |
| Dídeanaithe | Daoine a mbíonn orthu an tír dhúchais a fhágáil de bharr cogaidh, tubaistí nádúrtha, de bharr na géarleanúna agus eile. |
| Tír-raon | Réimse talún: machairí réidhe, sléibhte, foraoisí agus eile san áireamh. |
| Slí | Bealach ar leith le dul ó áit go háit. |
| Siblín | Deirfiúr nó deartháir. |
| Agóid | Léirsiú nó gníomhaíocht fhoirmiúil ar mhaithe le cúis áirithe a chur chun cinn. |
| Idirdhealú | Caitheamh go héagórach le duine nó le grúpa daoine ar leith. De ghnáth, is é gnéas, reiligiún, náisiúntacht, eitneachas (cultúr), cine nó tréithe pearsanta eile an duine is cúis leis an éagóir. Tugtar 'ciníochas' ar idirdhealú atá bunaithe ar chine. |
| Imirceach | Duine a fhágann an tír dhúchais le bogadh chuig tír nua le cónaí ansin go buan. |
| Imirce | Bogadh chuig tír nua agus cinneadh a dhéanamh cónaí ann go buan. |
| Foscadh Sealadach do Theifigh | Spás maireachtála clúdaithe neamhbhuan nó scáthlán a chuireann áit shlán agus maireachtáil shláintiúil ar fáil do dhídeanaithe i dtimpeallacht le príobháideachas agus le dínit. |

### Aguisín 1: Cluiche: Cosúlachtaí & Éagsúlachtaí

### Seas suas má bhíonn tú ar nós an chailín seo agus...

...deartháir agat.

...siblín atá mar bhaibín agat.

...plandaí sa bhaile agaibh.

...crochann tú na héadaí ar triomú

...cónaí ort i gcathair.

...má thaitníonn líníocht leat.

...má thaitníonn leat canadh.

...má thaitníonn sú oráiste leat.

...má thaitníonn gránach leat.

...má thaitníonn leat bricfeasta a ithe le do mhuintir.



### Aguisín 2: Mionsamhlacha de Chathaoireacha (samplaí)









Íomhá: accessart.org.uk

## Aguisín 3: Fadhbanna Inchlóite le Réiteach

| | |
|---|---|
| **3.3.1 Fadhb le Réiteach:**<br>a) An féidir graf a tharraingt de na figiúirí i 3.3.1?<br>b) Cad é an graf is fearr le húsáid chun inimircigh ó gach náisiúntacht a léiriú? (m.sh. líneghraf, barrachairt 7rl.) | *In Éirinn, bhí líon bliantúil na n-inimirceach i mí Aibreáin 2023 ar an líon is airde ó Aibreán 2007. An leagan amach a bhí ann ná: 29,600 náisiúnach Éireannach a bhí ag filleadh, 26,100 náisiúnach eile de chuid an AE, 4,800 náisiúnach na RA, agus 81,100 náisiúnach eile lena n-áirítear saoránaigh na hÚcráine.*<br>*(Foinse: CSO, 2023).* |
| **3.3.2 Ábhar taighde:**<br>a) Cad é an bealach imirce is mó a úsáidtear san Eoraip? [foinse: infomigrants.net]<br>b) Cuir líon na ndaoine a d'úsáid gach bealach i 2021 i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile trí ghraif a úsáid.<br>c) Is féidir bealaí imirce Eorpacha a phlé níos mine agus tú ag féachaint ar léarscáil Frontex.<br>d) Cuir bhur ngraif i gcomparáid leis an ábhar a d'ullmhaigh an Chomhairle Eorpach. | *Ó Eanáir 2021 go Deireadh Fómhair 2021, tháinig beagnach 55,000 imirceach go neamhrialta trí 'Bealach na Meánmhara Láir'. Ó thús na bliana 2021, tá díreach os cionn 15,000 tagtha ag baint úsáide as 'Bealach Oirthear na Meánmhara', ar náisiúnaigh as an tSiria an chuid is mó díobh. Maíonn Frontex gur tháinig c.33,000 trasna teorainn ar na bealaí seo leanas i 2021 - beagnach 16,400 ar 'Bealach na Meánmhara Thiar' (Ailgéaraigh agus Maracaigh den chuid is mó), agus níos mó ná 16,700 ar an Atlantach (daoine ón Afraic fho-Shahárach agus Maracaigh den chuid is mó).*<br>*(Foinse: infomigrants.net)* |
| **3.3.2 Fadhb le Réiteach:**<br>a) Cad é céatadán an ardaithe a chonacthas ar agóidí frith-inimirce ó 2022 go 2023 de réir an Gharda Síochána?<br>b) An féidir leat na háiteanna ina raibh na hagóidí seo ar siúl a chur ar mhapa?<br>c) Ar tharla agóid gar do do theach féin ar chor ar bith? Cén fáth a bhféadfadh sé seo a bheith amhlaidh? | *Cuireadh tús le hagóidí i go leor áiteanna in Éirinn go luath i mí na Samhna 2022 tar éis don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Imeasctha agus Óige (DCEDIY) láithreáin a fhorbairt in áiteanna éagsúla sa tír mar thearmainn shealadacha do dhídeanaithe. Bhí na scáthláin shealadacha ag iarraidh freastal ar theacht isteach 65,000 teifeach le linn 2022. (Foinse: Ilfhoinsí)*<br><br>*Tharla léirsithe sa Phort Thoir, i mBaile Munna, i nDroimneach, agus in áiteanna eile i mBaile Átha Cliath; i Mainistir Fhear Maí agus i Mala Chontae Chorcaí; sa Chill, i gContae Chill Dara; i Lios Mór, Contae Phort Láirge; sa Mhuileann gCearr, Contae na hIarmhí; in Inse, Contae an Chláir; agus ag Cuan Ros Láir, Contae Loch Garman. Deir an Garda Síochána gur tharla 307 agóid i 2022 agus ar a laghad 169 eile ó Lúnasa 2023. Léiríodh an imní a bhí ar lucht na hagóide go raibh idirdhealú á dhéanamh maidir le roghnú na ndídeanaithe agus nár tugadh faisnéis chuí roimh ré don phobal áitiúil. (Foinse: Ilfhoinsí).* |

Global Village
Saoránacht Dhomhanda Sa Bhunscoil